



*2ú Scéim na
Seirbhíse Chúirteanna
faoi Alt 15
d'Acht na dTeangacha
Oifigiúla 2003*

*2nd Scheme of
the Courts Service
under Section 15
of the Official Languages
Act 2003*

Tá an leabhrán seo foilsithe ag
An tSeirbhís Chúirteanna,
15-24 Sr. an Fhionnuisce Thuaidh,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7.
Teil +353 1 888 6000
www.courts.ie

This booklet is published by
The Courts Service,
15-24 Phoenix St. North,
Smithfield, Dublin 7.
Tel +353 1 888 6000
www.courts.ie



An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

An Clár

Réamhrá & Cúlra	2
Moltaí an 2úScéime	6
Seirbhís molta trí mheán na Gaeilge amháin	
Seirbhís molta trí mheán an Bhéarla amháin	
Seirbhís molta trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon	
Córais Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	10
Monatóireacht & Leasú	13
Poiblíocht na Scéime Comhaontaithe.....	13

Contents

Introduction & Background	2
2 nd Scheme proposals	6
Services proposed exclusively through the medium of the Irish language	
Services proposed exclusively through the medium of the English language	
Services proposed through the medium of both the Irish and English languages	
Information Communication Technology systems	10
Monitoring & Revision	13
Publicising of Agreed Scheme.....	13

2ú Scéim na Seirbhíse Cúirteanna

faoi

Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

1. Réamhrá & Cúlra

1.1. Cúlra

D'ullmhaigh an tSeirbhís Chúirteanna an scéim seo faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht").

Déantar foráil san Acht seo go n-ullmhóidh comhlachtaí stáit scéim reachtúil ag tabhairt mionsonraí ar na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil trí Ghaeilge, trí Bhéarla, agus trí Ghaeilge agus Béarla agus ar na bearta a ghlacfar chun go gcinnteofar go gcuirfear seirbhísí ar bith nach mbeidh curtha ar fáil trí Ghaeilge ar fáil amhlaidh laistigh de thréimhse ama a chomhaontófar.

1.2. Ullmhú na Scéime

Treoirlínte

Tugadh aird chuí sa Scéim seo do na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Fuaireamar cuidiú le hullmhú na Scéime seo ó oifigigh na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta chomh maith.

Fógraíocht maidir le hullmhú na Dréachtscéime

D'fhoilsigh an tSeirbhís Chúirteanna fógraí faoi Alt 13 den Acht ag tabhairt cuiridh do dhaoine ar suim leo an scéal aighneachtaí a dhéanamh i dtaca le hullmhú na scéime faoi Alt 15. Fuarthas ceithre haighneacht ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí agus tá siad ar fáil ar láithreán Gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna ag www.courts.ie

Réamhrá na Scéime

Is í is aidhm leis an Scéim beartas agus cleachtas reatha na Seirbhíse Cúirteanna a chomhdhlúthú agus a feabhsú maidir lena seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Fuarthas cuidiú ó Ghrúpa Oibre, ina raibh ionadaithe ó gach réimse feidhme de chuid na Seirbhíse Cúirteanna, i ndruchtú na scéime seo. Bhí na haighneachtaí a fuaireamar ina mbonn eolais d'ábhar na scéime mar aon leis na tuairimí agus na moltaí a thug foireann na Seirbhíse Cúirteanna agus an t-ionchur ó bhaill den Ghrúpa Oibre. Bhí Painéil Úsáideoirí Seirbhís Custaiméirí

2nd Scheme of the Courts Service

under

Section 15 of the Official Languages Act 2003

1 Introduction & Background

1.1 Background

This scheme was prepared under Section 15 of the Official Languages Act 2003 ("the Act") by the Courts Service.

The Act provides for the preparation by public bodies of a statutory scheme detailing the services they will provide through the medium of Irish, through the medium of English, and through the medium of Irish and English and the measures to be adopted to ensure that any service not provided by the body through the medium of the Irish language will be so provided within an agreed timeframe.

1.2 Preparation of a Scheme

Guidelines

Due regard has been given in the preparation of this Scheme to the guidelines issued by the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht. We have also been assisted in the preparation of the Scheme by officers of the Department Of Arts, Heritage and the Gaeltacht

Advertising the preparation of the Draft Scheme

The Courts Service published notices under section 13 of the Act inviting interested parties to make submissions in relation to the preparation of the draft scheme under Section 15. Four submissions were received from individuals and organisations and all are available on the Courts Service website www.courts.ie

Introduction to Scheme

The Scheme aims to consolidate and improve the Courts Service's existing policy and practice in relation to delivery of its services in the Irish language.

A Working Group, comprising representatives from each functional area of the Courts Service, has assisted in drafting this scheme. The content of the scheme has been informed by these submissions we received and by the

de chuid na Seirbhíse Cúirteanna ina mbonn eolais di chomh maith. Táimid buíoch as an gcúnamh sin d'fhorbairt na Scéime seo.

Beidh an fhreagracht as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim faoin lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den tSeirbhís seo fós. Déantar réimsí ar a gcuirfear feabhas amach anseo den tseirbhís a chuireann an tSeirbhís Chúirteanna ar fáil a shainaithint in ábhar na scéime.

Cuimsítear tiomantas sa scéim chomh maith maidir le measúnú a dhéanamh ar bhonn leanúnach an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge lena chinntiú go leanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna den éileamh seo a chomhlíonadh ar mhodh a bheidh pleanáilte, soiléir agus inrochtana.

Leanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna de leibhéal an éilimh a mheas dá seirbhísí i nGaeilge trí iniúchadh a dhéanamh ar leibhéal na bhfiosruithe / na n-iarratas ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Cinnfidh an tSeirbhís Chúirteanna an t-ord ina dtabharfar tús áite do sheirbhísí faoi leith lena gcur ar fáil i nGaeilge le comhaontú ón Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Tá na tiomantais uile maidir le feabhas a chur ar sheirbhísí a thairgeann an tSeirbhís Chúirteanna bunaithe ar an staid reatha laistigh dár n-eagraíocht. Ní mór a admháil go bhféadfadh sé go mbeadh iarmhairt dhiúltach ag athruithe airgeadais agus soláthair foirne a d'fhéadfadh tarlú amach anseo, agus nach bhfuil smacht ar bith ag an tSeirbhís Chúirteanna orthu, ar sheachadadh na dtiomantas sin.

Dáta tosaigh na Scéime

Dheimhnigh an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta an Scéim seo. Tosófar an scéim le héifeacht ón 01 Eanáir 2014, agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go ndeimhneoidh an tAire scéim úr de bhun Alt 15 den Acht, cibé dóibh siúd is déanaí.

An próiseas comhairliúcháin

Chomh maith leis an bhfógra thuas a fhoilsiú sna nuachtáin, trí Ghrúpaí Úsáideoirí a bunaíodh chun a Plean Gnímh um Sheirbhís Custaiméirí a chur i bhfeidhm, lorg agus fuair an tSeirbhís Chúirteanna tuairimí úsáideoirí a seirbhísí maidir lena roghanna teanga chun riachtanais agus ionchais custaiméirí a thuiscint. Rinneadh measúnú ar chumas fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge laistigh agus lasmuigh de cheantair Ghaeltachta araon. Ar an mbealach seo rinne an tSeirbhís Chúirteanna measúnú sealadach ar an éileamh féideartha ar sheirbhísí trí Ghaeilge.

views and suggestions put forward by Courts staff and the input of the members of the Working Group. It has also been informed by consultations with Customer Service User Panels of the Courts Service. We appreciate these contributions to the development of this Scheme.

Responsibility for monitoring and reviewing the scheme will continue to rest with the senior management within this Service. Areas for future enhancement of the service provided by the Courts Service are identified in the body of the scheme.

The scheme also includes a commitment to assess on an ongoing basis the level of demand for services through Irish and to ensure that the Courts Service continues to meet this demand in a planned, coherent and accessible way.

The Courts Service will continue to gauge the level of demand for its services in the Irish language by auditing the level of queries /requests for services through Irish. The order in which particular services will be prioritised for provision in the Irish language will be determined by the Courts Service with the agreement of the Minister for Arts, Heritage and the Gaeltacht.

All commitments enhancing services offered by the Courts Service are given based on the current situation within our organisation. It must be acknowledged that delivery on these commitments may be negatively affected by financial and staffing changes that may occur in the future, which are beyond the control of the Courts Service.

Commencement date of Scheme

This scheme has been confirmed by the Minister for Arts, Heritage and the Gaeltacht. The scheme is commenced with effect from 01 January 2014 and shall remain in force for a period of 3 years from this date or until a new scheme has been confirmed by the Minister pursuant to Section 15 of the Act, whichever is the later.

Consultation process

In addition to publishing the above notice in the newspapers, the Courts Service, through User Groups established to implement its Customer Service Action Plan, sought and obtained the views of the users of its services as to their language choices in order to understand customers' needs and expectations. The ability of Courts Service staff to deliver services through Irish both within and outside Gaeltacht areas was

2. Achoimre ar na seirbhísí a sholáthraíonn an tSeirbhís Chúirteanna

Bunaíodh an tSeirbhís Chúirteanna leis an Acht um Sheirbhís Chúirteanna 1998 ina leagtar amach feidhmeanna na Seirbhíse mar seo a leanas:

- na cúirteanna a bhainistiú
- seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do bhreithiúna.
- faisnéis a chur ar fáil don phobal maidir le córas na gcúirteanna
- foirgnimh chúirte a sholáthar, a bhainistiú agus a chothabháil
- saoráidí a sholáthar d'úsáideoirí na gcúirteanna.

Is é Ráiteas Misin na Seirbhíse Chúirteanna “Na cúirteanna a bhainistiú, tacaíocht a thabhairt do na breithiúna agus seirbhís ardchaighdeáin agus ghairmiúil a chur ar fáil d'úsáideoirí uile na gcúirteanna.”

Déanann bord ar a bhfuil cathaoirleach agus sé bhall déag eile lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an tSeirbhís a rialú. Cuimsítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus cúig stiúrthóir ar an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí. Is oifigeach cuntasáíochta é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus tá an fhreagracht aige as an bhfoireann a bhainistiú agus a stiúradh mar aon le gnáthghnó na Seirbhíse. Tá ceanncheathrú na Seirbhíse lonnaithe i dTeach an Fhionnuisce, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.

Eagraíocht mhór dhíláráithe is ea an tSeirbhís Chúirteanna ag a bhfuil freagracht riaracháin as thart ar 94 teach cúirte agus ionad cúirte ar fud na tíre.

Déileáiltear i roinnt ionad i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear campas na gCeithre Cúirte agus na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla le gnó sibhialta, teaghlaigh agus coiriúil na Cúirte Uachtaraí, na hArd-Chúirte, Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath agus Chúirt Dúiche Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tá cúig oifig réigiúnacha lonnaithe i gCorcaigh, i gCaisleán an Bharraigh, sa Nás, sa Tulach Mór agus i Muineachán. Tá sé beartaithe ag an tSeirbhís Chúirteanna 25 oifig chúirte chomhcheangailte agus 8 n-oifig Cúirt Dúiche neamhspleácha a bheith acu lasmuigh de Bhaile Átha Cliath faoi dheireadh 2013.

Is iad seo a leanas príomhpháirtithe leasmhara agus príomhchustaiméirí na Seirbhíse:

1. Na Breithiúna. Ní páirtithe leasmhara iad breithiúna sa ghnáthchiall. Is ionann na Breithiúna agus orgán breithiúnach an rialtais de bhun fhorálacha an Bhunreachtá agus is príomhról de chuid na Seirbhíse

assessed. In this way the Courts Service has made a tentative assessment of the potential demand for services through the Irish language.

2. Summary of the services the Courts Service provides

The Courts Service was established by the Courts Service Act 1998 which sets out the functions of the Service as follows:

- to manage the courts
- to provide support services for the judges
- to provide information on the courts system to the public
- to provide, manage and maintain court buildings
- to provide facilities for users of the courts.

The Mission Statement of the Courts Service is “To manage the courts, support the judiciary and provide a high quality and professional service to all users of the courts.”

The Service is governed by a board consisting of a chairperson and sixteen other members including the Chief Executive Officer. The Senior Management Team comprises the Chief Executive Officer and five directors. The Chief Executive Officer is the accounting officer and has responsibility for managing and controlling staff as well as the day-to-day business of the Service. The Service is currently head-quartered in Phoenix House, 15/24 Phoenix St North, Smithfield, Dublin 7.

The Courts Service is a large decentralised organisation with administrative responsibility for some 94 courthouses and court venues throughout the country.

A number of venues in Dublin, including the Four Courts campus and the Criminal Courts of Justice, deal with the civil, family and criminal business of the Supreme Court, the High Court, Dublin Circuit Court and the Dublin Metropolitan District Court.

There are five regional offices located in Cork, Castlebar, Naas, Tullamore and Monaghan. The Courts Service plans to have 25 combined court offices and 8 standalone District Court offices outside Dublin by end 2013.

The key stakeholders and customers of the Service are:

1. The Judiciary. Judges are not stakeholders in the ordinary sense. The Judiciary constitute the judicial organ of government pursuant to the provisions of the Constitution and a primary role of the Courts Service

Cúirteanna é tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do na breithiúna i bhfeidhmiú a gcumhachtaí agus a bhfeidhmeanna.

2. An Rialtas, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Ranna Rialtais eile.
3. Úsáideoirí Cúirte: an lucht dlí agus a gcomhlachtaí ionadaíocha faoi seach, claint an lucht dlí faoi seach, gach páirtí a thagann os comhair na gCúirteanna agus daoine ar a ngairtear i gcomhair seirbhís Ghiúiré.
4. Gníomhaireachtaí agus grúpaí laistigh den Earnáil Ceartais amhail an Garda Síochána, an tSeirbhís Príosún, an tSeirbhís Promhaidh agus Leasa, an Coiste um Chleachtas agus Nós Imeachta Cúirte agus an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí.
5. Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí amhail an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta, baill den Oireachtas, Údaráis Áitiúla, na Coimisinéirí Ioncaim, agus Coimisiún an Aontais Eorpaigh.
6. Fóram Lárnach do Chustaiméirí na Seirbhíse Cúirteanna, agus a Ghrúpaí Úsáideoirí Lárnacha agus Réigiúnacha, agus baill an phobail.

3. Seirbhís reatha i nGaeilge

- 3.1. Chuir an tSeirbhís Chúirteanna feabhas ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge i gcomhthéacs na céad-Scéime. D'fhorbraíomar an tseirbhís Ghaeilge maidir le faisnéis, aistriúchán, turais phoiblí, córais TF, córas ríomhphoist, fáiltiú ar an teileafón, inniúlacht labhartha inár gclár oiliúna.
- 3.2. Cuireadh láithreán Gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna ar fáil i nGaeilge.
- 3.3. Tá bileoga eolais a athsholáthraíodh le linn na céad-Scéime ar fáil i nGaeilge. Tá roinnt bileog ar fáil i nGaeilge agus Béarla laistigh den chlúdach céanna sa chás go raibh costas agus barainneacht an leagain amach cuí.
- 3.4. Tá clár CSPE na Seirbhíse Cúirteanna do scoileanna “Let’s Look at the Law” (“Breathnaímis ar an Dlí”) ar fáil i nGaeilge.
- 3.5. Thacaíomar le feabhsuithe i gcaighdeán aistriúcháin, trí chaighdeán úr seirbhís aistriúcháin bhainistithe a fhorbairt agus aistritheoirí seachfhoinsithe a fháil chun creidiúnú a chur i gcrích leis an scéim um chreidiúnú arna reáchtáil ag Foras na Gaeilge.
- 3.6. Sa chás gur ordaigh an Chúirt é, d’íoc an tSeirbhís Chúirteanna costais aistriúcháin agus ateangaireachta chun Úsáideoirí Gaeilge Cúirte a chur ar a gcumas cásanna a stiúradh i nGaeilge, i gcásanna iomchuí.

is to provide administrative support for the judiciary in the exercise of their powers and functions.

2. The Government, the Department of Justice and Equality and other Government Departments.
3. Court users: the legal professions and their respective representative bodies, the clients of the respective professions, all parties appearing before the Courts and persons called for Jury service.
4. Agencies and groups within the Justice Sector such as An Garda Síochána, the Prisons Service, the Probation and Welfare Service, the Committee on Court Practice and Procedure and the Law Reform Commission.
5. Agencies and bodies such as the Personal Injuries Assessment Board, the Office of the Director of Corporate Enforcement, the Company Law Review Group, members of the Oireachtas, Local Authorities, the Revenue Commissioners, and the Commission of the European Union.
6. The Courts Service Central Customer Forum, and its Central and Regional User Groups, and members of the public.

3. Existing services in Irish

- 3.1 The Courts Service enhanced the services we provide in Irish in the context of the first Scheme. We have developed Irish service in information, translation, public tours, IT systems, email system, phone reception, speaking competence and in our training programme.
- 3.2 The Courts Service's website was made available in Irish.
- 3.3 Information leaflets which have been replaced during the first Scheme are available in Irish. Some leaflets are available bilingually within the same cover where considerations of cost and economies of layout allowed.
- 3.4 The Courts Service CSPE programme for schools "Let's Look at the Law" is available in Irish.
- 3.5 We have supported improvements in translation standards, developing a new standard of managed translation service and requiring outsourced translators to undertake accreditation with the accreditation scheme run by Foras na Gaeilge.
- 3.6 Where the Court has ordered, the Courts Service has borne translation and interpretation costs to enable Irish speaking Court Users to conduct cases in Irish, in appropriate cases.

- 3.7. Is féidir le hÚsáideoirí Cúirte déileáil le cásanna i nGaeilge.
- 3.8. Tá Rialacha na Cúirte agus Táillí le haghaidh na Cúirte Dúiche ar fáil i nGaeilge ar ár láithreán Gréasáin.
- 3.9. Cuirimid turas Cuairteoirí ar fáil anois i nGaeilge i mBaile Átha Cliath agus i Leitir Ceanainn.
- 3.10. Tá na Preaseisiúintí ar fad ar fáil i nGaeilge.
- 3.11. Tá ár gcóras Éileamh Beag idirghníomhach ar fáil i nGaeilge.
- 3.12. Tá seirbhís teileafóin fheabhsaithe ar fáil.
- 3.13. Is féidir leis an bhfoireann a ríomhairí a oibriú trí chóras oibriúcháin Gaeilge.
- 3.14. Tá ceanntáscanna agus clásail séanta ríomhphost ar fáil i nGaeilge.
- 3.15. Cuireadh feabhas ar sheirbhísí poiblí inár n-oifig Ghaeltachta.
- 3.16. Tá cumas na foirne i labhairt na Gaeilge feabhsaithe.
- 3.17. Clár oiliúna feabhsaithe chun feacht na foirne a spreagadh maidir le cearta úsáideoirí Gaeilge na cúirte agus ár seirbhísí i nGaeilge d'úsáideoirí cúirte
- 3.18. Clár oiliúna chun feabhas a chur ar ár inniúlacht sa Ghaeilge.

4. Moltaí an 2ú Scéime

4.1. Seirbhís molta trí mheán na Gaeilge amháin

Gnó na Seirbhíse Cúirteanna

Leagadh cineál gnó na Seirbhíse Cúirteanna amach sa chéad Scéim, agus is fiú é a leagan amach arís, toisc go dtéann sé i gcion fós ar sholáthar ár seirbhísí i nGaeilge amháin.

I gcineál na seirbhísí a sholáthraíonn oifigí Cúirte ceanglaítear go bhfuil na seirbhísí ar fáil sa dá theanga oifigiúla, toisc go bhféadfadh custaiméirí a bheith ag úsáid seirbhísí Oifig Chúirte laistigh de cheantar Gaeltachta ach d'fhéadfadh sé nach cainteoirí Gaeilge iad. Bheadh a lán custaiméirí ann nach mbeadh ina gcónaí sa Cheantar Cúirte ar a mbeadh orthu freastal.

I bhfianaise ár gcineáil ghnó, ní mheastar go mbeadh sé cuí go gcuirfeadh oifig na Seirbhíse Cúirte seirbhís i nGaeilge amháin ar fáil. Toisc go bhfuil an chuid is mó den ghnó lena ndéileáileann na hoifigí Cúirte conspóideach agus dá bhrí sin go mbaineann sé le dhá pháirtí nó níos mó, ní mór don tSeirbhís Chúirteanna cuimhne a choinneáil go bhfuil an ceart ag gach páirtí go bpléifear leo sa teanga a roghnaíonn siad.

Tá sé beartaithe ag an tSeirbhís Chúirteanna 25 oifig chúirte chomhcheangailte agus 8 n-oifig Cúirt Dúiche neamhspleácha a bheith acu

- 3.7 Court Users can have cases dealt with in Irish.
- 3.8 Rules of Court and Fees for the District Court are available in Irish on our website.
- 3.9 We now provide Visitor tours in Irish in Dublin and Letterkenny.
- 3.10 All Press Releases are available in Irish.
- 3.11 Our interactive Small Claims system is available in Irish.
- 3.12 An enhanced phone service is available.
- 3.13 Staff can operate their computers through an Irish language operating system.
- 3.14 Email headers and disclaimers are in Irish.
- 3.15 Public services in our Gaeltacht office have been improved.
- 3.16 Improved staff capability in speaking Irish.
- 3.17 Improved training programme to raise staff awareness of the rights of Irish-speaking court users and our services in Irish for court users
- 3.18 Training programme to improve our Irish-speaking competence.

4. 2nd Scheme proposals

4.1 Services proposed exclusively through the medium of the Irish language

The Business of the Courts Service

The nature of the business of the Courts Service was outlined in the first Scheme, and bears repeating, as it continues to affect the provision of our services in Irish only.

The nature of services provided by Court offices requires that services be available in both official languages, as our customers may be using the services of a Court Office within a Gaeltacht area but may not be Irish-speaking. Many customers would not be resident in the Court Area they are required to attend.

In view of the nature of our business, it is not considered appropriate that an Irish-only service be provided by any Courts Service office. As most of the business dealt with by Court offices is contentious in nature and therefore involves two or more parties, the Courts Service needs to be mindful that all parties have the right to be dealt with in the language of their choice.

lasmuigh de Bhaile Átha Cliath faoi dheireadh 2013. Tá oifigí comhcheangailte agus oifigí Cúirt Dúiche teoranta do limistéar geografach faoi leith. Tá roinnt oifigí cúirte ann ina gcumhdaítear ceantair Ghaeltachta ach ní dhéileáiltear in oifig ar bith le Ceantar Gaeltachta amháin.

4.2. Seirbhís molta trí mheán an Bhéarla amháin

Doiciméid agus aithisc

- Leanfar de dhoiciméid theicniúla a tháirgtear do chomhlachtaí poiblí eile nó do lucht féachana idirnáisiúnta a chur ar fáil i mBéarla amháin.
- Cuirfear aithisc nó ráitis ar fáil sa teanga (sna teangacha) ina seachadfar iad.
- Beidh foirmeacha tairisceana teicniúla móra agus mionsonraithe, lena n-áirítear tairiscintí fógartha ag an AE i mBéarla amháin, i ngeall ar a nádúr teicniúil, ach amháin tairiscintí i gcomhair seirbhísí Gaeilge.
- Beidh roinnt lámhleabhar inmheánach speisialaithe i mBéarla amháin.
- Ní chuirfear ábhar “na Dialainne Dlí” ar fáil i nGaeilge in easnamh córas TF chun tacú le hábhar i nGaeilge.

Córais TF

- Ní féidir doiciméadúchán Cúirte a eisiúint i nGaeilge ar ár gcórais TF reatha. Cuirfear soláthar feidhmeanna i nGaeilge san áireamh nuair a bheidh na córais á n-uasghrádú, agus pléifear ceisteanna costais agus comhoiriúnachta ag an am céanna. Toisc go bhfuil na córais ina gcórais choibhneasta chasta a forbraíodh go hinmheánach thar a lán blianta, agus go bhfuil feistiú reitreo deacair, costasach agus dian ar acmhainní, beidh gá le hanailís tionchair a dhéanamh i gcomhair gach uasghrádaithe.
- Tabharfaimid tús áite do sholáthar téacsanna agus feidhmeanna i nGaeilge agus i mBéarla i gcórais TF a bhfuil a n-ionchur á úsáid ag an gcustaiméir seachtrach agus ag an bhfoireann túslíne. Beidh iarmhairt shuntasach aige sin i dtéarmaí infheistíocht airgeadais agus acmhainní foirne agus déanfar é thar roinnt Scéimeanna.
- Leanfar de dhoiciméadúchán Cúirte i nGaeilge a eisiúint de láimh, más gá.
- Ní mheastar freagraí uathoibríocha ar ríomhphoist a bheidh ina gcomhfhreagras pearsanta leis an gcustaiméir agus dá bhrí sin níl siad faoi réir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

The Courts Service plans to have 25 combined court offices and 8 standalone District Court offices outside Dublin by end 2013. Combined and District Court offices are limited to a certain geographical area. There are several court offices which cover Gaeltacht areas but no office deals exclusively with a Gaeltacht Area

4.2. Services proposed exclusively through the medium of the English language

Documents and speeches

- Documents of a technical nature produced for other public bodies or an international audience will continue to be available in English only.
- Speeches or statements will be made available in the language(s) in which they are delivered.
- Large and detailed tender forms of a technical nature, including EU-advertised tenders will be in English only, because of their technical nature, except for tenders for Irish-language services.
- Some specialised internal instruction manuals will be in English only.
- The content of “The Legal Diary” will not be made available in Irish in the absence of an IT system to support content in Irish.

IT systems

- Our current IT systems are not capable of issuing Court documentation in Irish. Provision of functions in Irish will be considered when systems are being upgraded, while addressing compatibility issues and cost. As the systems are very complex relational systems developed in-house over many years, and retro-fitting is difficult, costly and resource-intensive, impact analyses will be required for each upgrade.
- We will prioritise the provision in Irish and English of text and functions in IT systems whose output is used by the external customer and frontline staff. This will have a significant impact in terms of financial investment and staff resources and will be done over a number of Schemes.
- Court documentation in Irish will continue to be issued manually, as required.
- Automated replies to emails are not considered to be personal correspondence with the customer and are, therefore, not subject to the provisions of Official Languages Act 2003.

4.3. Seirbhís molta trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

4.3.1. Eolas don phobal i gcoitinne

Bileoga

- Faoi réir infhaighteacht mhaoiniúcháin, cuirfear bileoga eolais ar fáil i nGaeilge.
- Cuirfear Rialacha na Cúirte, nuair a bheidh siad ar fáil i nGaeilge, do na Cúirteanna Cuarda agus do na hUaschúirteanna ar fáil ar an láithreán Gréasáin, agus sna hoifigí ábhartha go léir.
- Tá sé beartaithe againn béim níos mó a chur ar eolas a fhoilsiú faoi obair na gcúirteanna i bhfoirm leictreonach ar an láithreán Gréasáin i mBéarla agus i nGaeilge. Cumasóidh sé sin cruinneas feabhsaithe agus úsáid níos éifeachtaí as acmhainní.
- Beidh taispeántais áitiúla eolais (i nGaeilge agus i mBéarla) fós ina samplaí ionadaíocha den eolas atá ar fáil. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an t-eolas ar fad atá ar fáil ar taispeántais corrúair.
- Beidh treoir dhátteangach chun raon an eolais atá ar fáil (lena n-áirítear foilseacháin) a thabhairt chun suntais ar an láithreán Gréasáin i nGaeilge agus i mBéarla ar fáil do chustaiméirí chun orduithe a dhéanamh ó fhoinse lárnach.

Eolas Neamhfhoirmiúil

- Cuirfear treoracha eolais a ullmhaítear go neamhfhoirmiúil ag leibhéal oifige áitiúla chun áis na gcustaiméirí ar fáil sa dá theanga ar athsholáthar, nó nuashonrú.

Láithreán Gréasáin

- Nuair a bheidh an tseirbhís íocaíocht Fíneálacha Ar Líne uasghrádaithe beidh sé ar fáil i nGaeilge ar an gcoinníoll go leanfar den tseirbhís a rochtain trí láithreán Gréasáin na gCúirteanna-féach 4.3.3 thíos chomh maith.
- Beidh ábhar statach a bhaineann le húsáid na seirbhíse ar líne “Cuardaigh an Ard-Chúirt” ar fáil i nGaeilge ar láithreán Gréasáin na gCúirteanna.
- Leanfar d’ábhar “na Dialainne Dí” a chur ar fáil i mBéarla amháin, ar an láithreán Gréasáin ach beidh an téacs statach ar fad sa Dialann (ceannteidil) sa dá theanga.
- Cuirfear an t-ábhar statach ar fad ar an láithreán Gréasáin a chruthaigh an tSeirbhís Chúirteanna, seachas an t-ábhar a sainíodh níos luaithe mar a bheith ar fáil i mBéarla amháin, ar fáil sa dá

4.3 Services proposed through the medium of both the Irish and English languages

4.3.1. Information to the general public

Leaflets

- Subject to the availability of funding, information leaflets will be made available in Irish.
- Rules of Court, when available in Irish, for Circuit and Superior Courts will be made available on the website, as well as in all relevant offices.
- We intend to place a higher emphasis on publishing information about the work of the courts in electronic form on the website in English and Irish. This allows for improved accuracy and more efficient use of resources.
- Local displays of information (in Irish and English) will continue to be representative samples of the information available. All the information available may not be on display at all times.
- A bilingual guide to highlight the range of information available (including publications) on the website in Irish and English will be available to customers to place orders from a central source.

Informal information

- Information guides prepared informally at local office level for ease of customers will be made available bilingually upon replacement, or updating.

Website

- When the Online Fines Payment service has been upgraded it will be accessible in Irish provided the service continues to be accessed through the Courts website-see also 4.3.3 below
- Static material relating to use of the “High Court Search” online service will be available in Irish on the Courts website.
- The content of “The Legal Diary” will continue to be available only in English, on the website but all static text in the Diary (headings) will be bilingual.
- All static material on the website created by the Courts Service, with the exception of material specified earlier as available in English only, will be available in both languages within 2nd

- theanga laistigh den 2ú Scéim faoi réir infhaighteacht mhaoiniúcháin.
- Cuirfear Rialacha na Cúirte i nGaeilge do na Cúirteanna ar fad ar fáil ar an láithreán Gréasáin laistigh den 2ú Scéim, nuair a chuirfidh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí iad ar fáil.
- Déanfar bileoga míniúcháin giúiréithe atá ar fáil anois i mBéarla amháin, a eisiúint chuig giúróirí féideartha i nGaeilge nuair a leasófar iad, faoi réir reachtaíochta agus maoiniúcháin, agus beidh siad ar fáil ar an láithreán Gréasáin. Tá eolas cuimsitheach do ghiúróirí ar fáil i nGaeilge ar ár láithreán Gréasáin.
- Cuirfear Orduithe Táillí ar fáil i nGaeilge ar an láithreán Gréasáin laistigh den 2ú Scéim, nuair a chuirfidh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí iad ar fáil.
- Preaseisiúintí: Leanfaimid de na preaseisiúintí ar fad a chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge.

Modúl CSPE

- Chuir an tSeirbhís Chúirteanna a modúl CSPE maidir le himeachtaí Cúirte ar fáil i nGaeilge. Tá an modúl sin ar fáil do scoileanna i gcóip chrua, ar CD, ar líne ar láithreán Gréasáin na gCúirteanna i mBéarla agus i nGaeilge.

Tá an modúl sin suimiúil do dhuine ar bith atá bainteach le hoideachas a chur ar shaoránaigh óga Éireannacha, agus go deimhin duine ar bith a bhfuil suim acu in obair na gCúirteanna.

4.3.2. Saoráidí

Teileafón

- Oibrítear an córas láimhsithe teileafóin ríomhairithe sna Ceithre Chúirt, a úsáideann an tSeirbhís Chúirteanna faoi láthair d'oifigí Bhaile Átha Cliath, i mBéarla amháin. Tá uimhreacha teileafóin aonair i ngach oifig eile.
- Déanaimid ár ndícheall eolas caighdeánach uathoibríoch a chur ar fáil i nGaeilge, trí roghnúchán roghanna Gaeilge, nuair a bheidh ár líonra teileafóin á uasghrádú againn faoi réir breithnithe comhoiriúnachta agus costais. Táthar ag súil go ndéanfar an sórt sin uasghrádaithe thar roinnt Scéimeanna.
- Nuair a bheidh an t-uasghrádú déanta, déanfaimid ár ndícheall, faoi réir infhaighteacht acmhainní, uimhir theileafóin thiomanta a chur ar fáil a mbeidh a hoibreoirí ábalta gnó a stiúradh i nGaeilge le glaoiteoirí Gaeilge. Cuirfear an tseirbhís sin ar fáil thar roinnt Scéimeanna

Scheme subject to the availability of funding.

- Rules of Court in Irish for all Courts will be available on the website within the 2nd Scheme, when made available by the Department of Justice, Equality & Law Reform.
- Jury explanatory leaflets now available only in English, will be issued to potential jurors in Irish when revised, subject to legislation and funding, and will be made available on the website. Comprehensive information for jurors is available in Irish on our website.
- Fees Orders will be provided in Irish on the website within 2nd Scheme when made available by the Department of Justice, Equality & Law Reform.
- Press Releases: We will continue to provide all press releases in English and Irish.

CSPE module

- The Courts Service has made available in Irish its CSPE module on Court proceedings. The module is available to schools in hard copy, on CD, and online on the Courts website in Irish and English.

This module is of interest to anyone involved in educating young Irish citizens, and indeed anyone interested in the workings of the Courts.

4.3.2. Facilities

Phone

- The computerised telephone handling system in the Four Courts, currently used by the Courts Service for Dublin offices, operates in English only. All other offices have individual telephone numbers.
- We will endeavour to provide automated standard information in Irish, by selection of Irish language options, when upgrading our phone network subject to considerations of compatibility and cost. It is expected that such upgrading will be done over a number of Schemes.
- After upgrading, we will endeavour, subject to availability of resources, to provide a dedicated phone number whose operators will be able to conduct business in Irish for Irish callers. This service will be provided over a number of Schemes.

Lasc-chlár

- Ceanglóimid ar oibreoirí Lasc-chláir, ar foireann ar conradh iad, a bheith cumasach i bhfrásaí fáiltithe i nGaeilge agus freagairt a thabhairt le hainm na Seirbhíse Cúirteanna i nGaeilge agus i mBéarla; agus go bhfuil a fhios acu na bunbheannachtaí i nGaeilge, agus go ndéanfar socruithe chun glaoiteoirí a aistriú go dtí an tseirbhís chuí trí Ghaeilge, de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil.

4.3.3. Córais Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

- Beidh ár mbosca poist Gaeilge ar fáil le haghaidh fiosruithe i nGaeilge.
- Beidh ár gcóras Éileamh Beag leictreonach, idirghníomhach, ar líne ar fáil i nGaeilge, ar mhaithe le pobal na Gaeilge. Tabharfar deis leis an tseirbhís seo don phobal i gcoitinne iarratais a dhéanamh ar an tseirbhís sa dá theanga.
- Tá leathanach Baile sa chóras seo trína mbeidh éilítheoirí na nÉileamh Beag ábalta cibé acu den dá theanga oifigiúla ar mian leo a úsáid a roghnú. Má roghnaíonn duine go bpléitear leis nó léi i nGaeilge, beidh an comhfhreagras (lena n-áirítear cumarsáid leictreonach) foirmeacha agus Orduithe ar fad leis an duine sin i nGaeilge.
- Beidh ábhar statach a bhaineann le fiosruithe maidir le cásanna na hArd-Chúirte i nGaeilge ar an tseirbhís ar líne “Cuardaigh an Ard-Chúirt” ar láithreán Gréasáin na gCúirteanna. Beidh ainmneacha réimsí sonraí fós ar fáil i mBéarla amháin, go dtí go ndéanfar ár gcóras TF reatha a uasghrádú nó a athsholáthar, mar a sonraítear thuas mar Chórais TF.
- Nuair a dhéanfar é a uasghrádú nó a athsholáthar, beidh ainmneacha réimsí sonraí na seirbhíse ‘CUARDAIGH an Ard-Chúirt’ ar fáil ar líne i nGaeilge agus i mBéarla araon. Beidh ábhar i nGaeilge sa chás gur eisíodh an cás i nGaeilge amháin. Táthar ag súil go ndéanfar an sórt sin uasghrádaithe thar roinnt Scéimeanna de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil.
- Nuair a bheidh an tseirbhís Íocaíocht Fíneálacha Ar Líne uasghrádaithe chun forálacha ábhartha an Achta Fíneálacha a chur i bhfeidhm ansin, ar an gcoinníoll go leanfar den tseirbhís a rochtain trí láithreán Gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna, cuirfear ar fáil i nGaeilge í.

Switchboard

- We will require Switchboard operators, who are contract staff, to be competent in reception phrases in Irish and answer with the name of the Courts Service in Irish and English; that they are familiar with the basic greetings in Irish, and that arrangements will be in place to transfer callers to the appropriate service through Irish, as resources permit.

4.3.3. Information Communication Technology systems

- Our Irish language mailbox will be available for queries in Irish.
- Our interactive, online, e-Small Claims system will be available in Irish, for the benefit of the Irish-speaking community. This service will allow the general public to make applications for the service bilingually.
- This system features a bilingual Home page which will allow the Small Claims claimants to choose which of the two official languages they wish to use. If a person chooses to be dealt with in Irish, then all correspondence (including electronic communications), forms and Orders with that person will be in Irish.
- Static material relating to queries on High Court cases will be available in Irish in the “High Court Search” online service on the Courts website. Data field names will continue to be available only in English until our current IT system is upgraded or replaced, as detailed above at *IT systems*.
- When upgraded or replaced, data field names of the High Court SEARCH service will be available online in Irish as well as English. Content will only be in Irish where the case is issued in Irish. It is expected that such upgrading or replacement will be done over a number of Schemes as resources allow.
- When the online fines payment service is upgraded to implement the relevant provisions of the Fines Act 2010 then, provided the service continues to be accessed through the Courts Service website, it will be made available in Irish

4.3.4. Seirbhís labhartha na Gaeilge:

- I ngeall ar chineál an-teicniúil agus an-chasta theanga an ghnó Cúirte, atá éagsúil arís idir réimsí gnó Cúirte (m.sh. Probháid, Coiriúil, Sibhialta), agus ar chineál tromchúiseach agus conspóideach an ghnó a stiúrtar beidh gnóthú cumais ar leibhéal ard go leor chun gnó den sórt sin a stiúradh i nGaeilge mall ó riachtanas agus leanfar de thar a lán Scéimeanna.
- Mar thoradh ar shrianta agus laghduithe reatha i líonta foirne ní mór dúinn an fheidhm is fearr agus is féidir a bhaint as na hacmhainní atá fágtha.
- Tá oifig ag an tSeirbhís Chúirteanna i ngach contae, lena n-áirítear na contaetha ina bhfuil pobail Ghaeltachta.
- Ag cur beartas um shoghluaisteacht agus um fhorbairt foirne san áireamh, chomh maith leis na acmhainní atá ar fáil, ní féidir foireann Ghaeilge a chur ar fáil i ngach oifig, ná ball foirne a bhfuil na scileanna riachtanacha aige nó aici a choinneáil i gceantar gnó amháin nó i suíomh amháin ar feadh tréimhse éiginnte.
- Leanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna den fhoireann reatha a fhorbairt agus oiliúint a chur orthu i nGaeilge le gabháil lena saineolas teicniúil.

Oifigí ina bhfreastalaítear ar phobail mheasctha Ghaeltachta agus Bhéarla

- Tá foireann Ghaeilge ar fáil faoi láthair in oifigí i gContaetha na Gaillimhe, Dhún na nGall agus Chiarraí ina bhfreastalaítear ar phobail Ghaeltachta.
- Déanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna a dícheall seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil ina hoifigí i gcontaetha ina bhfuil pobail Ghaeltachta, a mhéid is a bheidh na hacmhainní ar fáil.
- Arís, ag féachaint do chineál an-teicniúil agus an-chasta theanga an ghnó Cúirte agus do chineál tromchúiseach agus conspóideach an ghnó a stiúrtar, cuirfear fiosruithe casta chuig oifig ar bith lena dteastaíonn eolas agus comhairle an lucht bainistíochta sinsearaí ar fáil i mBéarla sa chás nach cainteoir Gaeilge é/í an saineolaí teicniúil cuí.

Ginearálta

- Beidh painéal cainteoirí Gaeilge ar an Lasc-chlár i mBaile Átha Cliath chun déileáil le glaoiteoirí Gaeilge, de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil.

4.3.4 Spoken Irish service:

- Due to the highly technical and complex nature of the language of Court business, which differs again between areas of Court business (e.g. Probate, Criminal, Civil), and to the serious and contentious nature of the business conducted, acquisition of a sufficiently high level of competency to conduct such business in Irish will necessarily be slow and will continue over many Schemes.
- Current staffing restrictions and reductions in staff numbers require us to deploy remaining resources for maximum benefit.
- The Courts Service has offices in every county, including those counties with Gaeltacht communities.
- Bearing in mind staff mobility and development policies, as well as available resources, it is not possible to provide Irish-speaking staff at every office, nor to retain any staff member with the requisite skills in one area of business or one location indefinitely.
- The Courts Service will continue to develop and train existing staff in Irish to accompany their technical expertise.

Offices serving mixed Gaeltacht and English speaking communities

- Irish-speaking staff are available at present in offices in Counties Galway, Donegal and Kerry which serve Gaeltacht communities.
- The Courts Service will endeavour to provide Irish speaking services in its offices in counties which include Gaeltacht communities, insofar as resources allow.
- Again, having regard to the highly technical and complex nature of the language of Court business and to the serious and contentious nature of the business conducted, complex queries to any office requiring the knowledge and advice of senior staff will be provided in English where the appropriate technical expert is not an Irish speaker.

General

- Our Dublin Switchboard will have a panel of Irish speakers to deal with Irish calls, as resources permit.
- We will endeavour to provide automated standard information in Irish when upgrading our phone network.

- Déanaimid ár ndícheall eolas caighdeánach uathoibríoch a chur ar fáil i nGaeilge nuair a bheidh ár líonra teileafóin á uasghrádú againn.
- Sa chás go bhfuil seirbhís Ghaeilge ar fáil in oifig, fógróimid é sin do ghlaiteoirí poiblí le comharthaíocht. Sa chás go bhfuil cumas na Gaeilge ar fáil, cuirfear é sin in iúl do chustaiméirí le Fógra Oifige, amhail “Tá Gaeilge againn” agus léireofar deasc ina dtairgfear seirbhís dá leithéid le comhartha amhail, “Gaeilge Anseo.”
- Déanfaimid athbhreithniú bliantúil ar líonta na mball foirne reatha atá oilte i labhairt na Gaeilge.
- Baileoimid faisnéis ar an éileamh ar sheirbhísí Gaeilge in oifigí poiblí agus déanfaimid measúnú orthu gach bliain.
- Leanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna den clár oiliúna a leagadh amach inár 1ú Scéim.
- Beidh ceangal ar bhaill foirne a bhaineann leas as an oiliúint sa Ghaeilge seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge.

4.3.5. Oiliúint

- Tá an tSeirbhís Chúirteanna tiomanta do bheartas chun feabhas a chur ar oilteacht na Gaeilge ina foireann, go háirithe iad siúd a oibríonn in oifigí poiblí agus a dhéileáileann leis an gcustaiméir seachtrach, trí chlár um oiliúint dheonach agus spreagadh, a leanfar de sa scéim seo, agus i scéimeanna ina dhiaidh seo. Is é ár rún thar roinnt scéimeanna baill foirne a bheith againn i suíomh ina bhfuil cumas dóthanach Gaeilge chun gnó Cúirte a stiúradh i nGaeilge.
- Trí chlár oiliúna lena n-áirítear oiliúint labhartha, leabharlanna tagartha, lámhleabhair dhátheangacha agus tagairtí idir-ranna ar líne, tá sé beartaithe againn líon ár bhfoirne a bhfuil sé ar a gcumas plé le custaiméirí i nGaeilge a mhéadú.
- Leanaimid den fhoireann a fhreastalaíonn ar ranganna Gaeilge le linn uaireanta oifige a éascú trí mhaoiniú agus trí chomhordú foirne maidir le heasnamh foirne ar chúrsaí dá leithéidí a chumhdach.
- Tabharfar comhairle don fhoireann i dtaca le raon na ranganna Gaeilge ardchaighdeán atá ar fáil lasmuigh d’uaireanta oifige.
- Áirítear feasacht teanga san oiliúint Ionduchtúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí.
- Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt dár gcruinnithe grúpa um chomhrá neamhfhoirmiúil.

- Where an Irish-speaking service is available in an office, we will advertise this to public callers by signage. Where Irish language competency is available, customers will be notified by Office Notice, such as, “ Tá Gaeilge againn” and a desk offering such a service will be noted by a sign such as, “Gaeilge Anseo.”
- We will conduct an annual review of the numbers of current staff proficient in speaking Irish.
- We will collect information on, and assess annually, the demand for Irish speaking services in public offices.
- The Courts Service will continue the training programme outlined in our 1st Scheme.
- Staff benefiting from Irish training will be required to provide services in Irish.

4.3.5. Training

- The Courts Service is committed to a policy of improving Irish language proficiency in its staff, particularly those who work in public offices and deal with the external customer, through a programme of voluntary training and encouragement, which will continue through this, and subsequent schemes. Our intention over a number of schemes is to have staff members in a location sufficiently competent in Irish to conduct Court business in Irish.
- Through a programme of training including speech training, reference libraries, bilingual manuals and inter-departmental online references, we intend to increase the number of our staff who can deal with customers in Irish.
- We continue to facilitate staff attending Irish language classes during office hours by way of funding and team co-operation in covering the absence of staff on such courses.
- Advice will be given to staff in relation to the range of quality Irish language classes available outside office hours
- Language awareness is included in Induction and Customer Service training
- We will continue to support our informal conversation group meetings.
- We will support staff working in Irish by prioritising in the 2nd Scheme, the provision of Irish versions of the 10 next most frequently used orders and correspondence.

- Tabharfaimid tacaíocht do bhaill foirne a oibríonn trí Ghaeilge trí thús áite a thabhairt sa 2ú Scéim do sholáthar leaganacha Gaeilge den chéad 10 n-ordú agus comhfhreagras eile is mó a úsáidtear.
- Cuirfear treoracha tagartha i bhfoclaíocht dlí agus choitianta ar fáil ar an líonra inmheánach
- Beidh rochtain ag an bhfoireann ar fhoilseacháin amhail “Focail sa Chúirt”.
- Breathnóidh an tSeirbhís Chúirteanna ar líon na dtagairtí seirbhíse poiblí ar líne saor in aisce i nGaeilge atá ar fáil don fhoireann ar fad, más infhaighte, a mhéadú.

5. **Monatóireacht & Leasú**

- Coinneoidh an Grúpa Bainistíochta Sinsearaí an scéim faoi athbhreithniú. Cuirfidh bainisteoirí líne a bhfuil freagracht orthu as an scéim a chur i bhfeidhm ina réimsí féin an fheidhm mhonatóireachta laethúil i gcrích agus tabharfaidh siad tuarascáil dá Stiúrthóir ar bhonn rialta.
- Cuimseofar tiomantais a rinneadh sa scéim i dTuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Cúirteanna ionas go ndéanfar dul chun cinn i gcur i bhfeidhm na dtiomantas sin a thuairisciú go bliantúil.
- Fógróimid seirbhísí feabhsaithe de réir mar a bheidh siad ar fáil ar ár láithreán Gréasáin, www.courts.ie
- Buailfidh coiste Monatóireachta le chéile dhá uair sa bhliain chun cuidiú leis an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh OLA.

6. **Poiblíocht na Scéime Comhaontaithe**

Déanfar an scéim a phoiblíú don phobal i gcoitinne trí fhógraíocht na soláthairtí ar an láithreán Gréasáin. Cuirfear cóip den scéim seo ar aghaidh fosta chuid Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

Forbróidh an tSeirbhís Chúirteanna feasacht an phobail agus na foirne maidir leis an Scéim trí fhógraí ar an láithreán Gréasáin, fógraí oifigií áitiúla, ríomhphoist inmheánacha bhliantúla maidir leis an Scéim agus na Pleananna Gnímh um Sheirbhís Custaiméirí.

- Reference guides in legal and colloquial vocabulary will be provided on the internal network
- Staff will have access to publications such as “Focail sa Chúirt”
- The Courts Service will consider increasing the number of free Irish language public service online references available to all staff, if available.

5. Monitoring & Revision

- The Senior Management Group will keep the scheme under review. The day-to-day monitoring function will be carried out by line managers who are responsible for the implementation of the scheme within their own areas and for reporting on a regular basis to their Director.
- Commitments made in the scheme will be included in the Courts Service Annual Report so that progress on the implementation of these commitments is reported annually.
- We will advertise improved services as they become available on our website, www.courts.ie
- A Monitoring committee will meet twice yearly to assist the Senior Management Team in monitoring OLA compliance

6. Publicising of Agreed Scheme

The scheme will be publicised to the general public by advertising of provisions on the Website. A copy of this scheme will also be forwarded to Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

The Courts Service will develop public and staff awareness of the Scheme by way of website notices, local office notices, yearly internal emails regarding the Scheme and the Customer Service Action Plans.

